2025/1322

9.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1322 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Iúil 2025

lena sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí, lena mbunaítear na formáidí teicniúla maidir le faisnéis a tharchur, agus lena sonraítear na socruithe agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta maidir le heagrú suirbhé shamplaigh i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, le haghaidh na bliana tagartha 2026 de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, staidreamh atá bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 7(1), Airteagal 8(3) agus Airteagal 13(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun tarchur faisnéise ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) a éascú, ba cheart formáidí teicniúla lena gcumhdófar coincheapa agus próisis, lena n-áirítear sonraí agus meiteashonraí, a bhunú chun faisnéis a tharchur.

(2) Chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an staidrimh a bheidh le tarchur i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, ba cheart na socruithe mionsonraithe le haghaidh na dtuarascálacha cáilíochta bliantúla a shonrú.

(3) Chun a áirithiú go gcuirfear suirbhé samplach chun feidhme go cruinn maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, ba cheart míreanna teicniúla an tacair sonraí a shonrú.

(4) Ar mhaithe le comhchuibhiú ar fud fearainn staidrimh agus chun bacainní teicniúla a sheachaint le linn tarchur agus próiseáil sonraí, d'fhéadfadh léiriú aitheantóirí athróg a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo athrú i gcásanna áirithe. Dá bhrí sin, féadfaidh an Coimisiún (Eurostat) a mholadh go ndéanfaidh na Ballstáit aitheantóirí athróg áirithe a mhodhnú sna comhaid a tharchuirfear chuig an Coimisiún (Eurostat). D'fhéadfadh sé a bheith de chuspóir ag modhnú den sórt sin, mar shampla, na haitheantóirí athróg céanna a chur i bhfeidhm leis na haitheantóirí a úsáidtear i bhfearainn staidrimh eile. Ós rud é, leis an modhnú sin, nach n-athrófaí ábhar faisnéise na sonraí a tharchuirfí chuig an gCoimisiún ach go n-athrófaí a léiriú le linn tharchur na sonraí agus sin amháin, féadfaidh na Ballstáit é a chur chun feidhme trí thiontú simplí aon le haon díreach sula dtarchuirfear na sonraí.

(5) Chun go mbeidh an Coimisiún (Eurostat) in ann na sonraí a aisghabháil go leictreonach, ba cheart an tarchur sonraí agus tíolacadh na tuarascála cáilíochta bliantúla a dhéanamh tríd an bPointe Iontrála Aonair.

[1] IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1700/oj.

(6) Maidir le catagóirí na saintréithe a liostaítear san Iarscríbhinn, i gcás inarb iomchuí, ba cheart do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais na haicmiúcháin staidrimh a úsáid i dtaca leis na haonaid chríochacha, leis an oideachas, leis an ngairm bheatha agus leis an earnáil eacnamaíoch atá comhoiriúnach le haicmiúcháin NUTS ([2]), ISCED ([3]), ISCO ([4]) agus NACE ([5]).

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí, bunaítear na formáidí teicniúla maidir le faisnéis a tharchur ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) agus sonraítear na socruithe mionsonraithe maidir le tarchur na dtuarascálacha cáilíochta agus ábhar na dtuarascálacha sin i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'tréimhse oibre allamuigh' an tréimhse ama ina mbailítear sonraí ó na freagróirí;

(2) ciallaíonn 'tréimhse thagartha' an tréimhse ama lena mbaineann mír áirithe faisnéise;

(3) ciallaíonn 'Pointe Iontrála Aonair' an limistéar glactha coiteann le haghaidh sonraí staidrimh a tharchuirtear chuig an gCoimisiún (Eurostat).

Airteagal 3

Tuairisc ar na hathróga

Saintréithe teicniúla na n-athróg a leagtar síos san Iarscríbhinn, déanfar tagairt leo do na nithe seo a leanas:

(a) aitheantóir na hathróige;

(b) ainm na hathróige agus tuairisc uirthi;

(c) cóid agus lipéid;

(d) scagaire;

(e) cineál na hathróige.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj).

([3]) An tAicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas 2011, http://uis.unesco.org/sites/default/files/documents/international-standard-classification-of-education-isced-2011-en.pdf (ar fáil i mBéarla agus i bhFraincis).

([4]) Moladh ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2009 maidir leis an Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta Gairmeacha a úsáid (ISCO-08) (IO L 292, 10.11.2009, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2009/824/oj).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

Airteagal 4

Saintréithe na spriocphobal, aonaid bhreathnóireachta agus rialacha do fhreagróirí

1. I bhfearann úsáid na faisnéise agus na dteicneolaíochtaí cumarsáide, is iad na spriocphobail teaghlaigh phríobháideacha i gcríoch an Bhallstáit agus daoine aonair a bhfuil a ngnátháit chónaithe i gcríoch an Bhallstáit.

2. Maidir leis na hathróga a liostaítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann le teaghlaigh, baileofar faisnéis maidir le teaghlaigh phríobháideacha ina bhfuil ar a laghad duine amháin atá idir 16 agus 74 bliana a bhfuil cónaí air i gcríoch an Bhallstáit.

3. Maidir leis na hathróga a liostaítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann le daoine aonair, baileofar faisnéis maidir le daoine aonair atá idir 16 agus 74 bliana a bhfuil cónaí orthu i gcríoch an Bhallstáit.

4. Is ar bhonn deonach a chuirfear faisnéis ar fáil maidir le daoine aonair faoi bhun 16 bliana d'aois agus os cionn 74 bliana.

5. Maidir le fearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, déanfar sonraí a bhailiú maidir le sampla de theaghlaigh phríobháideacha nó maidir le sampla de dhaoine a bhaineann le teaghlaigh phríobháideacha mar aonaid bhreathnóireachta.

Airteagal 5

Tréimhsí tagartha agus dáta tagartha

1. Is éard a bheidh sa tréimhse thagartha chun staidreamh a bhailiú maidir leis an topaic mhionsonraithe 'Plé le húdaráis phoiblí', mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, na trí ráithe dheireanacha de 2025 agus an chéad ráithe de 2026.

2. Maidir le gach topaic mhionsonraithe eile faoi thopaic uimhir 07, 'Faisnéis maidir le rannpháirtíocht i sochaí na faisnéise', a leagtar amach san Iarscríbhinn, is éard a bheidh sa tréimhse thagartha an chéad ráithe de 2026.

3. Socrófar an dáta tagartha de réir am an chéad agallaimh.

Airteagal 6

An tréimhse bailithe sonraí

Maidir le sonraí a chuirfidh freagróirí ar fáil ar bhonn díreach, is éard a bheidh sa tréimhse oibre allamuigh an dara ráithe de 2026.

Airteagal 7

Caighdeáin choiteanna maidir le heagarthóireacht, iontráil bharúlach agus meastacháin sonraí

1. Cuirfear iontráil bharúlach, samhaltú nó ualú i bhfeidhm ar na sonraí i gcás ina bhfuil faisnéis ar iarraidh, neamhbhailí nó ar neamhréir.

2. Modhanna iontrála barúlaí staidrimh a chur i bhfeidhm i gcás inarb iomchuí maidir le hathróga sna topaicí mionsonraithe 'Rochtain ar TFC' agus 'Scileanna digiteacha', mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

3. An nós imeachta a chuirtear i bhfeidhm ar na sonraí, caomhnófar leis an inathraitheacht agus an comhghaol idir athróga. Na modhanna lena n-ionchorpraítear comhpháirteanna earráide sna luachanna barúlacha, beidh siad mar an rogha is fearr ar na modhanna lena n-iontráiltear go barúlach luach tuartha.

4. Na modhanna lena gcuirtear struchtúr nó tréithe eile de chomhdháileadh na n-athróg san áireamh, beidh siad mar an rogha is fearr ar an gcur chuige imeallach nó aonathráideach.

Airteagal 8

Sprioc-am agus caighdeáin maidir le sonraí a tharchur

1. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí críochnaitheacha a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) faoin 5 Deireadh Fómhair 2026.

2. Is i bhfoirm comhad micreashonraí a dhéanfar na sonraí a tharchur, lena n-áirítear ualaí iomchuí. Déanfar na sonraí a sheiceáil agus a bhailíochtú go hiomlán sula dtarchuirfear iad trí úsáid a bhaint as an gcaighdeán malartaithe sonraí staidrimh agus meiteashonraí tríd an bPointe Iontrála Aonair. Comhlíonfaidh na sonraí sin na rialacha bailíochtaithe i gcomhréir le sonraíocht na n-athróg bunaithe ar an gcódú agus ar na scagairí a leagtar amach san Iarscríbhinn.

3. Cuirfidh na Ballstáit na meiteashonraí ar fáil don Choimisiún (Eurostat) sa struchtúr meiteashonraí caighdeánach arna shainmhíniú ag an gCoimisiún (Eurostat) faoin 5 Eanáir 2027. Cuirfidh siad ar fáil é tríd an bPointe Iontrála Aonair.

Airteagal 9

Socruithe mionsonraithe agus ábhar na dtuarascálacha bliantúla ar cháilíocht

1. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) tuarascáil bhliantúil ar cháilíocht maidir le fearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhunófar i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2180 ón gCoimisiún ([6]).

2. Tarchuirfear an tuarascáil bhliantúil ar cháilíocht chuig an gCoimisiún (Eurostat) i gcomhréir leis na caighdeáin theicniúla arna mbunú ag an gCoimisiún (Eurostat), faoin 5 Eanáir 2027.

3. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil ar cháilíocht isteach tríd an bPointe Iontrála Aonair.

Airteagal 10

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2180 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 lena sonraítear na socruithe mionsonraithe agus an t-inneachar le haghaidh na dtuarascálacha cáilíochta de bhun Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 330, 20.12.2019, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2180/oj).

Tuairisc agus formáidí teicniúla na n-athróg a bailíodh i gcás gach topaice agus i gcás gach topaice mionsonraithe maidir leis an bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus na cóid a úsáidfear

Féadfaidh an Coimisiún (Eurostat), i gcásanna áirithe, bunaithe ar an ngá atá le comhchuibhiú a dhéanamh ar fud na bhfearann agus bacainní teicniúla a sheachaint le linn tarchur agus próiseáil sonraí, a mholadh go ndéanfaidh na Ballstáit aitheantóirí athróg áirithe a mhodhnú sna comhaid a thíolactar, trí thiontú aon le haon.

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
01. Míreanna teicniúla	Faisnéis maidir le bailiú sonraí	REFYEAR	Bliain an tsuirbhé	BBBB	Bliain an tsuirbhé (4 dhigit)	Gach teaghlach	Teicniúil
01. Míreanna teicniúla	Faisnéis maidir le bailiú sonraí	INTDATE	Dáta tagartha – dáta an chéad agallaimh	LL/MM/BBBB	Dáta tagartha (10 gcarachtar)	Gach duine aonair	Teicniúil
01. Míreanna teicniúla	Faisnéis maidir le bailiú sonraí	STRATUM_ID	Sraith	Nnnnnn -1	Aitheantas na sraithe a mbaineann an duine aonair nó an teaghlach léi, ó 1 go N, i gcás inarb é N an líon sraitheanna Gan srathú	Gach teaghlach	Teicniúil
01. Míreanna teicniúla	Faisnéis maidir le bailiú sonraí	SCX	Aonad samplála príomhúil	Nnnnnn -1	Aitheantas an aonaid samplála príomha a mbaineann an duine aonair nó an teaghlach leis (ó 1 go N, i gcás inarb é N an líon PSUnna) Ní bhaineann le hábhar	Gach teaghlach, nuair a roinntear an spriocphobal i mbraislí (PSUnna)	Teicniúil
01. Míreanna teicniúla	Sainaithint	HH_ID	Aitheantas an teaghlaigh	XXnnnnnnn	Aitheantas uathúil an teaghlaigh (2 litir le haghaidh an chóid tíre, ansin 22 dhigit ar a mhéad)	Gach teaghlach	Teicniúil
01. Míreanna teicniúla	Sainaithint	IND_ID	Aitheantas an duine aonair	XxNnnnnn	Aitheantas uathúil an duine aonair (2 litir le haghaidh an chóid tíre, ansin 22 dhigit ar a mhéad)	Gach duine aonair	Teicniúil

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
01. Míreanna teicniúla	Sainaithint	HH_REF_ID	Aitheantas an teaghlaigh a mbaineann an duine aonair leis	XxNnnnnn	Aitheantas an teaghlaigh a mbaineann an duine aonair leis (2 litir le haghaidh an chóid tíre, ansin 22 dhigit ar a mhéad)	Gach duine aonair	Teicniúil
01. Míreanna teicniúla	Ualuithe	HH_WGHT	Ualach an teaghlaigh	Nnnnnn.nnnnnn	Fachtóir ollardaithe an teaghlaigh (Úsáid lánstad '.' mar phointe deachúil, agus ansin 6 dheachúil ar a mhéad)	Gach teaghlach	Teicniúil
01. Míreanna teicniúla	Ualuithe	IND_WGHT	Ualach an duine aonair	Nnnn.nnnnnn	Fachtóir ollardaithe an duine aonair (Úsáid lánstad '.' mar phointe deachúil, agus ansin 6 dheachúil ar a mhéad)	Gach duine aonair	Teicniúil
01. Míreanna teicniúla	Tréithe an agallaimh	AN tAM	Fad an agallaimh	Nnn Bán	Fad an agallaimh léirithe i nóiméid Ní luaitear	Gach duine aonair	Teicniúil
01. Míreanna teicniúla	Tréithe an agallaimh	INT_TYPE	Cineál an agallaimh	1 2 3 4 5	Agallamh páipéarchuidithe duine le duine (PAPI) Agallamh ríomhchuidithe duine le duine (CAPI) Agallamh ríomhchuidithe teileafóin (CATI) Agallamh ríomhchuidithe gréasáin Eile	Gach duine aonair	Teicniúil
01. Míreanna teicniúla	Logánú	TÍR	Tír chónaithe	Ná Fágfar Bán É	Tír chónaithe (Cód SCL GEO alpha-2)	Gach duine aonair	Teicniúil
01. Míreanna teicniúla	Logánú	GEO_NUTS1	Réigiún cónaithe	Ná Fágfar Bán É	Réigiún NUTS 1 (3 charachtar, alfa-uimhriúil)	Gach teaghlach	Teicniúil

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
01. Míreanna teicniúla	Logánú	GEO_NUTS2 (roghnach)	Réigiún cónaithe (roghnach)	Ná Fágfar Bán É	Réigiún NUTS 2 (4 charachtar, alfa-uimhriúil)	Gach teaghlach	Teicniúil
				Bán	Aon cheann de na roghanna sin		
01. Míreanna teicniúla	Logánú	GEO_NUTS3 (roghnach)	Réigiún cónaithe (roghnach)	Ná Fágfar Bán É	Réigiún NUTS 3 (5 charachtar, alfa-uimhriúil - cód NUTS 3 le haghaidh chomhiomlánú malartach réigiún amach anseo, ní le haghaidh foilsiú mhiondealuithe NUTS 3)	Gach teaghlach	Teicniúil
				Bán	Aon cheann de na roghanna sin		
01. Míreanna teicniúla	Logánú	DEG_URBA	Leibhéal an uirbithe	1	Cathracha	Gach teaghlach	Teicniúil
				2	Bailte agus bruachbhailte		
				3	Ceantair thuaithe		
01. Míreanna teicniúla	Logánú	GEO_DEV	Suíomh geografach	1	Réigiún beagfhorbartha	Gach teaghlach	Teicniúil
				2	Réigiún trasdula		
				3	Réigiún níos forbartha		
				Bán	Ní luaitear (cód le haghaidh tíortha nach Ballstáit den Aontas iad)		
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Déimeagrafaíocht	GNÉAS	Gnéas	1	Fireann	Gach duine aonair	Bailithe
				2	Baineann		
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Déimeagrafaíocht	YEARBIR	Bliain bhreithe	BBBB	Bliain bhreithe (4 dhigit)	Gach duine aonair	Bailithe

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Déimeagrafaíocht	PASSBIR	Breithlá na bliana seo thart	1 2	Is ea Ní hea	Gach duine aonair	Bailithe
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Déimeagrafaíocht	AOIS	Aois, i mblianta iomlána	nnn	Aois, i mblianta iomlána (ó dhigit amháin go 3 dhigit)	Gach duine aonair	Díorthaithe
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Saoránacht agus stádas imirce	SAORÁNACHT	Tír na príomhshaoránachta	Ná Fágfar Bán É STLS LE hAGHAIDH Bán	Tír na príomhshaoránachta (Cód SCL GEO alpha-2) Gan stát Saoránacht eachtrach ach ní fios cén tír Ní luaitear	Gach duine aonair	Bailithe
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Saoránacht agus stádas imirce	CNTRYB	Tír bhreithe	Ná Fágfar Bán É LE hAGHAIDH Bán	Tír bhreithe (Cód SCL GEO alpha-2) Rugadh i dtír iasachta ach ní fios cén tír bhreithe Ní luaitear	Gach duine aonair	Bailithe
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_POP	Méid an teaghlaigh (líon ball den teaghlach)	Nn Bán	Líon ball den teaghlach (leanaí san áireamh) Ní luaitear	Gach teaghlach	Bailithe
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_POP_16_24 (roghnach)	Líon ball den teaghlach idir 16 agus 24 bliana (roghnach)	Nn Bán	Líon ball den teaghlach idir 16 agus 24 bliana Aon cheann de na roghanna sin	Gach teaghlach	Bailithe

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1322/oj

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_POP_16_24S (roghnach)	Líon na mac léinn sa teaghlach idir 16 agus 24 bliana (roghnach)	Nn Bán	Líon na mac léinn sa teaghlach idir 16 agus 24 bliana Aon cheann de na roghanna sin	Gach teaghlach	Bailithe
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_POP_25_64 (roghnach)	Líon ball den teaghlach idir 25 agus 64 bliana (roghnach)	Nn Bán	Líon ball den teaghlach idir 25 agus 64 bliana Aon cheann de na roghanna sin	Gach teaghlach	Bailithe
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_POP_65_74 (roghnach)	Líon ball den teaghlach idir 65 agus 74 bliana (roghnach)	Nn Bán	Líon ball den teaghlach idir 65 agus 74 bliana Aon cheann de na roghanna sin	Gach teaghlach	Bailithe
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_POP_75_MAX (roghnach)	Líon na mball den teaghlach atá 75 bliana nó níos sine (roghnach)	Nn Bán	Líon ball den teaghlach atá 75 bliana nó os a chionn Aon cheann de na roghanna sin	Gach teaghlach	Bailithe
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_CHILD	Líon na leanaí faoi bhun 16 bliana	Nn Bán	Líon na leanaí faoi bhun 16 bliana Ní luaitear	Gach teaghlach	Bailithe
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_CHILD_14_15 (roghnach)	Líon na leanaí idir 14 agus 15 bliana (roghnach)	Nn Bán	Líon na leanaí idir 14 agus 15 bliana Aon cheann de na roghanna sin	Gach teaghlach	Bailithe

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_CHILD_5_13 (roghnach)	Líon na leanaí idir 5 agus 13 bliana (roghnach)	Nn	Líon na leanaí idir 5 agus 13 bliana	Gach teaghlach	Bailithe
				Bán	Aon cheann de na roghanna sin		
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_CHILD_LE_4 (roghnach)	Líon na leanaí atá 4 bliana nó faoina bhun (roghnach)	Nn	Líon leanaí atá 4 bliana nó níos lú	Gach teaghlach	Bailithe
				Bán	Aon cheann de na roghanna sin		
03. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Stádas na príomhghníomhaíochta (féinsainmhínithe)	STÁDPRÍOMHGH	Stádas na príomhghníomhaíochta (féinsainmhínithe)	1	Fostaithe	Gach duine aonair atá 16 bliana agus os a chionn	Bailithe
				2	Dífhostaithe		
				3	Ar scor		
				4	Ní féidir a bheith ag obair mar gheall ar fhadhbanna sláinte atá ag an duine le fada		
				5	Mac léinn, dalta		
				6	I mbun cúraimí tí		
				7	Seirbhís mhíleata éigeantach nó seirbhís shibhialta éigeantach		
				8	Eile		
				Bán	Ní luaitear		
				9	Ní bhaineann le hábhar		
03. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saintréithe bunúsacha an phoist	STAPRO	Stádas fostaíochta sa phríomhphost	1	Duine féinfhostaithe ag a bhfuil fostaithe	Daoine aonair i gcás MAINSTAT = 1	Bailithe
				2	Duine féinfhostaithe gan fostaithe		
				3	Fostaí		
				4	Oibrí ar ball den teaghlach é (gan íocaíocht)		
				Bán	Ní luaitear		
				9	Ní bhaineann le hábhar		

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
03. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saintréithe bunúsacha an phoist	NACE1D (roghnach)	Gníomhaíocht eacnamaíoch aonad áitiúil an phríomhphoist (roghnach)	Ná Fágfar Bán É Bán 9	Cód NACE Ath. 2.1 ar leibhéal na rannóg (aon charachtar amháin (ó A go U)) Ní luaitear Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás MAINSTAT = 1	Bailithe
03. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saintréithe bunúsacha an phoist	ISCO2D	Gairm sa phríomhphost	nn Bán -1	Cód ISCO ar leibhéal 2-dhigit Ní luaitear Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás MAINSTAT = 1	Bailithe
03. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saintréithe bunúsacha an phoist	OCC_ICT	Gairmí TCF nó gairmí neamh-TCF	1 0 Bán 9	Gairmí TCF Gairmí neamh-TCF Ní luaitear Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás MAINSTAT = 1	Bailithe
03. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saintréithe bunúsacha an phoist	OCC_MAN	Oibrí láimhe nó oibrí intleachta	1 0 Bán 9	Oibrí láimhe Oibrí intleachta Ní luaitear Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás MAINSTAT = 1	Bailithe
03. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Saintréithe bunúsacha an phoist	EMPST_WKT (roghnach)	Príomhphost lánaimseartha nó páirtaimseartha (féin-sainmhínithe) (roghnach)	1 2 Bán 9	Post lánaimseartha Post páirtaimseartha Ní luaitear Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás MAINSTAT = 1	Bailithe
03. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair	Fad an chonartha	EMPST_CONTR (roghnach)	Buaine an phríomhphoist (roghnach)	1 2 Bán 9	Post buan Conradh téarma sheasta Ní luaitear Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás STAPRO = 3	Bailithe

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
04. Gnóthachtáil oideachais agus cúlra oideachais	Leibhéal gnóthachtála oideachais	ISCEDD	Leibhéal gnóthachtála oideachais (leibhéal oideachais is airde a cuireadh i gcrích go rathúil)	0	Gan aon oideachas foirmiúil nó faoi bhun ISCED 1	Gach duine aonair atá 16 bliana agus os a chionn	Bailithe
				1	ISCED 1 Oideachas bunscoile		
				2	ISCED 2 Oideachas meánscoile íochtaraí		
				3	ISCED 3 Oideachas meánscoile uachtaraí		
				4	ISCED 4 Oideachas iar-mheánscoile neamhthreasach		
				5	ISCED 5 Oideachas treasach i dtimthriall gearr		
				6	ISCED 6 Céim bhaitsiléara nó leibhéal coibhéiseach		
				7	ISCED 7 Máistreacht nó leibhéal coibhéiseach		
				8	ISCED 8 Dochtúireacht nó leibhéal coibhéiseach		
				Bán	Ní luaitear		
				9	Ní bhaineann le hábhar		
04. Gnóthachtáil oideachais agus cúlra oideachais	Leibhéal gnóthachtála oideachais	ISCED	Leibhéal gnóthachtála oideachais comhiomlánaithe	0	Oideachas meánscoile íochtaraí nó leibhéal níos ísle (ISCEDD = 0, 1 nó 2)	Gach duine aonair atá 16 bliana agus os a chionn	Díorthaithe
				3	Oideachas meánscoile uachtaraí agus iar-mheánscoile neamhthreasaí (ISCEDD = 3 nó 4)		
				5	Oideachas treasach (ISCEDD = 5, 6, 7 nó 8)		
				Bán	Ní luaitear		
				9	Ní bhaineann le hábhar		

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
05. Stádas sláinte agus míchumas, rochtain ar chúram sláinte agus ar dheitéarmanaint sláinte, infhaighteacht agus úsáid an chúraim agus na ndeitéarmanant sláinte sin	Gnéithe den Mhodúl Eorpach Íosta maidir le Sláinte	GALI	Srian ar ghníomhaíochtaí de dheasca fadhbanna sláinte	1 2 3 Bán 9	Thar a bheith teoranta Teoranta, ach gan a bheith thar a bheith teoranta Gan a bheith teoranta ar chor ar bith Ní luaitear Ní bhaineann le hábhar	Gach duine aonair atá 16 bliana agus os a chionn	Bailithe
06. Ioncam, tomhaltas agus gnéithe rachmais, lena n-áirítear fiacha	Ioncam iomlán míosúil an teaghlaigh	HH_IQ5	Glanioncam iomlán míosúil reatha an teaghlaigh ar an meán	1 2 3 4 5 Bán	Grúpa ag a bhfuil glanioncam míosúil reatha coibhéisithe níos ísle Grúpa ag a bhfuil glanioncam míosúil reatha coibhéisithe idir íseal agus meánach Grúpa ag a bhfuil glanioncam míosúil reatha coibhéisithe meánach Grúpa ag a bhfuil glanioncam míosúil reatha coibhéisithe idir meánach agus ard Grúpa ag a bhfuil glanioncam míosúil reatha coibhéisithe níos airde Ní luaitear	Gach teaghlach	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Rochtain ar TFC	IACC	Rochtain an teaghlaigh ar an idirlíon sa bhaile (trí aon ghaireas)	1 0 8 Bán	Is ea Ní hea Níl a fhios agam Ní luaitear	Gach teaghlach	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Úsáid TFC agus minicíocht na húsáide sin	IU	An úsáid is déanaí a baineadh as an idirlíon, trí aon ghaireas cumasúcháin	1 2 3 4 Bán	Laistigh de na 3 mhí a chuaigh thart Idir 3 mhí agus bliain amháin ó shin Níos mó na bliain amháin ó shin Níor baineadh úsáid as riamh Ní luaitear	Gach duine aonair	Bailithe

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Úsáid TFC agus minicíocht na húsáide sin	IFUS	Meánmhinicíocht úsáide an idirlín le 3 mhí anuas	1 2 3 4 9 Bán	Roinnt uaireanta le linn an lae Uair amháin sa lá nó beagnach gach lá Uair amháin ar a laghad in aghaidh na seachtaine, (ach ní gach lá) Níos lú ná uair amháin sa tseachtain Ní bhaineann le hábhar Ní luaitear	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUEM	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le ríomhphoist a sheoladh/a ghlacadh	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUPH1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le glaonna a chur (lena n-áirítear físghlaonna) ar an idirlíon	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUSNET	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le páirt a ghlacadh ar na meáin shóisialta (próifíl úsáideora a chruthú, teachtaireachtaí a phostáil nó rannchuidithe eile)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUCHAT1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le teachtaireachtaí meandracha (teachtaireachtaí a mhalartú)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUIF	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach le haghaidh faisnéis a fháil maidir le hearraí agus seirbhísí	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUIFSP	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le faisnéis a fháil faoi shábháilteacht táirgí (faisnéis faoi rioscaí nó guaiseacha sláinte gaolmhara, comhdhéanamh, treoracha maidir le húsáid shábháilte, sonraí teagmhála chun saincheisteanna sábháilteachta a thuairisciú)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IUIF = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUNW1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le suíomhanna nuachta ar líne, nuachtáin nó irisí nuachta a léamh	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUPOL2	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le tuairimí a nochtadh maidir le saincheisteanna sibhialta nó saincheisteanna polaitiúla ar shuíomhanna idirlín nó ar na meáin shóisialta	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUVOTE	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le bheith rannpháirteach i gcomhairliúcháin ar líne nó i vótaí a bhaineann le saincheisteanna sibhialta nó polaitiúla (amhail pleanáil uirbeach, achainí a shíniú)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUMUSS1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le bheith ag éisteacht le ceol (cur i gcás cláir raidió ar an idirlíon, sruthú ceoil) nó le ceol a íoslódáil	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUSTV	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le féachaint ar chláir theilifíse sruthaithe ón idirlíon (teilifís bheo nó athdheise) ó chraoltóirí teilifíse (amhail [samplaí náisiúnta])	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUVOD	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le féachaint ar sheirbhísí sruthaithe tráchtála	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUVSS	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le féachaint ar ábhar físeáin ó sheirbhísí comhroinnte	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUPDG	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le cluichí a imirt nó cluichí a íoslódáil	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUPCAST (roghnach)	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le héisteacht le podchraoltaí nó le podchraoltaí a íoslódáil (roghnach)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IHIF	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le faisnéis a lorg maidir le cúrsaí sláinte (amhail faisnéis maidir le gortuithe, le galair, leis an gcothú, le feabhas a chur ar an tsláinte fhisiciúil nó ar mheabhairshláinte)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IHIFPH	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le faisnéis a lorg faoi shláinte fhisiceach (amhail faoi shiomtóim an fhliú, brú fola ard, cógas le haghaidh péine, gnáthaimh mháinliachta, cothú, bearta lena gcuirtear an tsláinte chun cinn)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IHIF = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IHIFMH	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le faisnéis a lorg faoin meabhairshláinte (mar shampla, maidir le tnáitheadh, dúlagar, imní, neamhoird itheacháin, strus a laghdú)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IHIF = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUMAPP	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le coinne a dhéanamh le cleachtóir trí shuíomh gréasáin nó trí aip (amhail ospidéal, ionad cúraim sláinte, fisiteiripeoir nó síciteiripeoir)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAPR	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le rochtain a fháil ar thaifid sláinte pearsanta aonair ar líne	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOHC	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le seirbhísí sláinte eile a úsáid trí shuíomh gréasáin nó aip in ionad dul chuig an ospidéal nó cuairt a thabhairt ar dhochtúir (amhail oideas íocshláinte a fháil nó comhairliúchán a dhéanamh ar líne)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUJOB	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le post a chuardach nó iarratas ar phost a sheoladh	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUSELL	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le hearraí nó seirbhísí a dhíol nó trí shuíomh gréasáin nó aip	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUBK	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach ar mhaithe le baincéireacht ar líne (lena n-áirítear baincéireacht mhóibíleach)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAI	An úsáid idirlín a baineadh as aon uirlis intleachta saorga giniúnaí chun ábhar a chruthú amhail téacs, íomhánna, cód ríomhchlárúcháin, nó físeáin, le 3 mhí anuas	1 0 Bán 9	Is ea Ní hea Ní luaitear Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAIPR	An úsáid idirlín a baineadh as uirlisí intleachta saorga giniúnaí le 3 mhí anuas chun críoch príobháideach	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IUAI = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAIWP	An úsáid idirlín a baineadh as uirlisí intleachta saorga giniúnaí le 3 mhí anuas chun críoch gairmiúil (oibre)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IUAI = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAIFE	An úsáid idirlín a baineadh as uirlis intleachta saorga giniúnaí le 3 mhí anuas ar mhaithe le hoideachas foirmiúil (amhail an scoil nó an ollscoil)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IUAI = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAINUUNK	Na cúiseanna nár úsáideadh uirlisí intleachta saorga giniúnaí le 3 mhí anuas – ní raibh a fhios ag an bhfreagróir gur ann dóibh	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IUAI = 0	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAINUNN	Na cúiseanna nár úsáideadh uirlisí intleachta saorga giniúnaí le 3 mhí anuas – níor theastaigh ón bhfreagróir iad a úsáid	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IUAI = 0	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAINUUSE	Na cúiseanna nár úsáideadh uirlisí intleachta saorga giniúnaí le 3 mhí anuas – ní raibh a fhios ag an bhfreagróir conas iad a úsáid	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IUAI = 0	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAINUSEC	Na cúiseanna nár úsáideadh uirlisí intleachta saorga giniúnaí le 3 mhí anuas – bhí imní ar an bhfreagróir faoi chosaint sonraí, faoi phríobháideachas, faoi shlándáil nó faoi shábháilteacht	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IUAI = 0	Bailithe

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAINUETH	Na cúiseanna nár úsáideadh uirlisí intleachta saorga giniúnaí le 3 mhí anuas – bhí ábhair imní eiticiúla ag an bhfreagróir, amhail steiréitíopaí a bhuanú, easpa cuntasachta, úsáid neamhúdaraithe maoine intleachtúla	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IUAI = 0	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAINUOTH	Na cúiseanna nár úsáideadh uirlisí intleachta saorga giniúnaí le 3 mhí anuas – níor bhain an freagróir úsáid astu ar chúiseanna eile	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IUAI = 0	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOLC	An úsáid a baineadh as an idirlín le 3 mhí anuas ar mhaithe le gníomhaíochtaí foghlama a chleachtadh chun críoch oideachasúil, gairmiúil nó príobháideach, trí chúrsa ar líne a dhéanamh	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOLM	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas ar mhaithe le gníomhaíochtaí foghlama a chleachtadh chun críoch oideachasúil, gairmiúil nó príobháideach trí ábhar foghlama ar líne a úsáid seachas chúrsa iomlán ar líne (amhail físeáin teagaisc, seimineáir ghréasáin, téacsleabhair leictreonacha, aipeanna foghlama nó ardáin foghlama, uirlisí IS nuair a úsáidtear iad go sonrach chun críoch foghlama)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1322/oj

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOCIS1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas ar mhaithe le gníomhaíochtaí foghlama a chleachtadh chun críoch oideachasúil, gairmiúil nó príobháideach trí chumarsáid a dhéanamh le hoideachasóirí nó le foghlaimeoirí agus úsáid á baint as uirlisí fuaime ar líne nó uirlisí físe ar líne	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUN (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — ní raibh aon ghá ag an bhfreagróir (toisc nach raibh an t-idirlíon úsáideach, ní raibh sé suimiúil, etc.) (roghnach)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 2 nó IU = 3 nó IU = 4	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUSE (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — rinne duine éigin eile é thar ceann an fhreagróra (roghnach)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 2 nó IU = 3 nó IU = 4	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUTD (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — mheas an freagróir go raibh sé deacair an t-idirlíon a úsáid nó ní raibh na scileanna aige (roghnach)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 2 nó IU = 3 nó IU = 4	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUCH (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — bhí fadhbanna ag an bhfreagróir maidir le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas (cuir i gcás, ní raibh sé comhoiriúnach do léitheoirí scáileáin ná le teicneolaíocht chúnta eile, comhéadain chasta, ní raibh aon téacs malartach ann le haghaidh íomhánna) (roghnach)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 2 nó IU = 3 nó IU = 4	Bailithe

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUSP (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — bhí imní ar fhreagróir faoi shlándáil nó faoi phríobháideachas, faoi eagla go gcuirfí camscéim orthu nó go ndéanfaí ciapadh orthu ar líne (roghnach)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 2 nó IU = 3 nó IU = 4	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUCO (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — mheas an freagróir go raibh costais an naisc idirlín nó an trealaimh ró-ard (roghnach)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 2 nó IU = 3 nó IU = 4	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUNO (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — Tá an freagróir i gcoinne an idirlín i gcoitinne, níl muinín aige as an bhfaisnéis ar an idirlíon (roghnach)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 2 nó IU = 3 nó IU = 4	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUOTH (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — cúiseanna eile seachas gan ghá leis, déanta ag duine eile, ródheacair, fadhbanna rochtana imní faoi shlándáil, príobháideachas, eagla go gcuirfí camscéim orthu nó go ndéanfaí ciapadh orthu ar líne, costais ró-ard, gan aon mhuinín as faisnéis ar an idirlíon nó a bheith i gcoinne an idirlín (roghnach)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 2 nó IU = 3 nó IU = 4	Bailithe

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1322/oj

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVIP	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip de chuid na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críoch príobháideach le 12 mhí anuas, ar gníomhaíochtaí iad ina bhfuair an freagróir rochtain ar fhaisnéis faoi féin a bhí stóráilte ag na húdaráis phoiblí nó ag na seirbhísí poiblí (amhail faisnéis maidir le [samplaí náisiúnta])	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1 nó IU = 2	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVIDB	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip de chuid na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críoch príobháideach le 12 mhí anuas, ar gníomhaíochtaí iad ina bhfuair an freagróir rochtain ar fhaisnéis ó bhunachair sonraí phoiblí nó ó chláir phoiblí (amhail faisnéis maidir le hinfhaighteacht leabhar i leabharlanna poiblí, cláir chadastracha, cláir fiontair)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1 nó IU = 2	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Plé le húdaráis phoiblí	IGOV12IF2	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip de chuid na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críoch príobháideach le 12 mhí anuas, ar gníomhaíochtaí iad ina bhfuair an freagróir rochtain ar fhaisnéis (mar shampla, maidir le seirbhísí, sochair, teidlíochtaí, dlíthe, uaireanta oscailte)	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1 nó IU = 2	Bailithe

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige/tuairisc na hathróige	Cóid	Lipéid/Catagóirí	Scagaire	Cineál na hathróige
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVIX	Ní bhfuair an freagróir rochtain ar aon taifead pearsanta ná bunachair shonraí ná ní bhfuair sé aon fhaisnéis trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críoch príobháideach le 12 mhí anuas	1 0 9	Tic curtha ann Gan tic curtha ann Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1 nó IU = 2	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Plé le húdaráis phoiblí	IGOV12FM2	Foirmeacha oifigiúla íoslódáilte nó priontáilte ag an bhfreagróir ó shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críoch príobháideach le 12 mhí anuas	1 0 Bán 9	Is ea Ní hea Ní luaitear Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1 nó IU = 2	Bailithe
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVAPR	Coinne nó áirithint déanta ag an bhfreagróir trí shuíomh gréasáin nó aip leis na húdaráis phoiblí nó leis na seirbhísí poiblí (amhail leabhar curtha in áirithe i leabharlann phoiblí, coinne déanta le státseirbhíseach nó le soláthraí cúraim sláinte de chuid an stáit) chun críoch príobháideach le 12 mhí anuas	1 0 Bán 9	Is ea Ní hea Ní luaitear Ní bhaineann le hábhar	Daoine aonair i gcás IU = 1 nó IU = 2	Bailithe
